


COMHAD FÍRICÍ: EACNAMAÍOCHT BHAILE GCSE: Bia agus Cothú



A bheith i do thomhaltóir éifeachtach agus tú ag siopadóireacht do bhia
– Seirbhís Caighdeán Trádála Thuaisceart Éireann

Toradh Foghlama

Ba cheart do dhaltáí bheith in ann:

- An dóigh a mhíniú a dtugann Seirbhís Caighdeán Trádála Thuaisceart Éireann cosaint do thomhaltóirí agus iad ag ceannach bia.

Is é ról na Seirbhíse Caighdeán Trádála (*TSS*) ná “trádáil chothrom a chur chun cinn agus a chothabháil, tomhaltóirí a chosaint agus gnólachtaí creidiúnacha a chumasú le bheith rathúil” (www.economy-ni.gov.uk)

Oibríonn an *TSS* lena chinntiú go gcloíonn gnólachtaí leis an reachtaíocht a thugtar isteach le tomhaltóirí a chosaint.

Oibríonn siad faoi roinnt príomhréimsí lena chinntiú go dtugtar cosaint do thomhaltóirí agus iad ag ceannach bia.

1. Meáchain agus Tomhais

Déanann iniúcháirí seiceáil rialta ar ghnólachtaí lena chinntiú go bhfuil cruinneas ann i dtaca le tomhas agus meáchan earraí a dhíolann trádálaithe, go ndéantar seiceáil rialta ar choinneáil taifid agus go n-iniúchtar nósanna imeachta. Cuimsíonn seo seiceáil go bhfuil an meáchan táirge bia scríofa ar an lipéad ag teacht le meáchan an bhia. Déanann *TSS* seiceáil nach gcaolaítear alcól i dtithe tábhairne agus go bhfaigheann tomhaltóirí go díreach an méid a n-iocann siad as. Déanann *TSS* imscrúdú ar éilimh nó ar ghearáin maidir le cásanna tomhas meáchain nó toirte. Is féidir aon ghnó a fuarthas ag díol cainníochtaí míchruinne a ionchúiseamh i gcúirt choiriúil. Chomh maith leis sin, má aimsítear aon ghnólacht a bhfuil táirgí acu a bhriseann na dlíthe seo, gabfar an bia nó an deoch agus úsáidfear mar fhianaise iad a fhad is atá an chúirt choiriúil ag déileáil leis an dlí a briseadh. Tá *TSS* freagrach as seiceáil a dhéanamh ar chalabrá agus ar chruinneas an trealamh a úsáidtear le bia agus deoch a mheá agus a thomhas in áitreabh le haghaidh táirgeadh bia.

2. Marcáil mhithreorach praghsanna

Tá freagracht ag an *TSS* praghsáil a sheiceáil i siopaí a dhíolann bia agus imscrúdú a dhéanamh ar aighneas nó ar fhadhbanna ar bith leis seo. Is féidir le *TSS* comhairle a chur ar mhiondíoltóirí faoi cad leis a bhfuiltear ag súil maidir le lipéadú praghsála. Áirítear leis sin praghas in aghaidh an aonaid a bheith ar lipéad táirge bia, fágann sé seo go bhfuil sé i bhfad níos fusa ag tomhaltóirí praghsanna a chur i gcomparáid agus iad amuigh ag siopadóireacht agus cinntíonn sé go bhfuil an t-eolas uilig acu atá de dhíth. Caithfidh gach trádálaí fíorpraghsanna cothroma a thabhairt agus gan dallamullóg a chur ar an tomhaltóir. Caithfear lipéadú agus cur síos cruinn a dhéanamh ar tháirgí a dhíoltar.

3. Eolas a thabhairt do thrádálaithe faoi reachtaíocht

Tugann Seirbhís Caighdeán Trádála eolas do thrádálaithe agus do thomhaltóirí faoi reachtaíocht agus faoin dóigh le trádáil go cothrom trí fhoilseacháin meán, bileoga agus comhairleoirí teileafóin. Is féidir le trádálaithe teagmháil dhíreach a dhéanamh le TSS le haghaidh comhairle agus le ceisteanna a chur faoi thrádáil.

4. Earraí Góchumtha

Oibríonn TSS leis an trádáil in earraí góchumtha a laghdú, lena n-áirítear táirgí bia amhail alcól a dhriogtar go mídhleathach agus a dhíoltar mar fíortháirge. Tá an t-údarás ag an TSS earraí atá á ndíol a ghabháil lena n-úsáid sa chúirt choiriúil mar fhianaise le haghaidh cúisimh.

Cosnaíonn an TSS tomhaltóirí ar na bealaí seo a leanas:

- Gearáin a imscrúdú agus aighnis a láimhseáil;
- Miondíoltóirí bia a iniúchadh, calabrú a sheiceáil, taifid a choinneáil agus lipéadú;
- Eolas a thabhairt do mhiondíoltóirí agus do thomhaltóirí ar reachtaíocht;
- Earraí góchumtha a ghabháil ó thrádálaithe bradacha;
- Fianaise a bhailiú lena úsáid i gcúiseamh.

Ceisteanna Athbhreithnithe

1. Mínigh dhá dhóigh a gcosnaíonn Seirbhís Caighdeán Trádála an tomhaltóir agus iad ag ceannach bia.

Leabharliosta

<https://www.economy-ni.gov.uk/topics/consumer-affairs/trading-standards-service>

